Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8009/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0086(NLE)**

**AELE 26**
**RECH 152**
**ATO 19**
**MI 214**
**CH 13**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 160 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 160 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 160 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.4.2025
COM(2025) 160 final

2025/0086 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an tAontas agus an Eilvéis fite fuaite ina chéile ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, staire, cultúir, sóisialta agus polaitíochta de. Is é an tAontas an comhpháirtí trádála is mó atá ag an Eilvéis, agus is í an Eilvéis an ceathrú comhpháirtí trádála is mó atá ag an Aontas. Tá os cionn 1.5 milliún saoránach de chuid an Aontais Eorpaigh ina gcónaí san Eilvéis agus tá beagán faoi bhun 450 000 náisiúnach de chuid na hEilvéise ina gcónaí san Aontas. Téann cúpla céad míle oibrí imeallchríche trasna na teorann idir an tAontas agus an Eilvéis sa dá threo gach lá.

Tá an tAontas agus an Eilvéis ceangailte trí roinnt comhaontuithe déthaobhacha. Trí na comhaontuithe maidir le saorghluaiseacht daoine, iompar talún, aeriompar, trádáil i dtáirgí talmhaíochta agus aitheantas frithpháirteach i ndáil le measúnú comhréireachta, glacann an Eilvéis páirt i margadh inmheánach an Aontais[1]. Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, is tír í an Eilvéis atá comhlachaithe le Schengen. Le linn phaindéim COVID-19 tháinig méadú ar an gcomhar idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le bagairtí sláinte trasteorann.

Ba chomhpháirtí láidir riamh i dtaighde agus i nuálaíocht an Eilvéis. Chomhoibrigh an tír leis an Aontas Eorpach ar go leor clár cistiúcháin de chuid an Aontais atá dírithe go háirithe ar thaighde, ar nuálaíocht agus ar oideachas. Ó bhí 1987 ann, ghlac ollscoileanna na hEilvéise agus an earnáil phríobháideach páirt ghníomhach i gcláir réime taighde agus nuálaíochta an Aontais. An bhliain chéanna sin, tháinig an chéad chomhaontú déthaobhach maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch i bhfeidhm[2]. Tá an Eilvéis an-ghníomhach i gcónaí i dtionscnaimh éagsúla Eorpacha, lena n-áirítear an Eagraíocht Eorpach um Thaighde Núicléach (CERN), an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis, an Comhar Eorpach san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST), agus EUREKA. Bhí sí comhlachaithe freisin le Clár Taighde agus Oiliúna Euratom sa tréimhse 2014-2020[3] agus ghlac sí páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gComhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt idir 2014-2020 bunaithe ar an gComhaontú Comhlachais maidir le Fís 2020 agus

---

[1] Comhaontú maidir le hAeriompar, Comhaontú maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar, Comhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine, Comhaontú maidir le hAitheantas Frithpháirteach i ndáil le Measúnú Comhréireachta, Comhaontú maidir le Trádáil i dTáirgí Talmhaíochta, ar síníodh iad go léir an 21 Meitheamh 1999 (IO L 114, 30.4.2002, lch. 1).

[2] Creat-Chomhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicniúil idir na Comhphobail Eorpacha agus Cónaidhm na hEilvéise (IO L 313, 22.11.1985, lgh. 6–8) agus Cinneadh ón gComhairle an 9 Feabhra 1987 maidir le tabhairt i gcrích na gCreat-Chomhaontuithe le haghaidh comhar eolaíochta agus teicniúil idir na Comhphobail Eorpacha agus Ríocht na Sualainne, Cónaidhm na hEilvéise, Poblacht na Fionlainne, Ríocht na hIorua agus Poblacht na hOstaire (IO L 71, 14.3.1987, lch. 29–29).

[3] Cinneadh ón gComhairle an 4 Nollaig 2014 lena bhformheastar go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, an Comhaontú le haghaidh comhar eolaíoch agus teicneolaíoch idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Cónaidhm na hEilvéise lena ndéantar Cónaidhm na hEilvéise a chomhlachú le Fís 2020 — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach lena gcomhlánaítear Fís 2020, agus lena rialaítear rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i ngníomhaíochtaí ITER arna ndéanamh ag Fuinneamh Comhleá (IO L 370, 30.12.2014, lgh. 19–20).

Euratom. Chomh maith leis sin, bhí an Eilvéis ina ball de chlár Erasmus an Aontais roimhe seo[4].

Cé go bhfuil dlúthchaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis, tá bac curtha air freisin mar gheall ar roinnt fadhbanna struchtúracha atá ann le fada an lá. Chun na fadhbanna sin a réiteach, idir 2014 agus 2021, rinne an tAontas agus an Eilvéis caibidlíocht maidir le Creat-Chomhaontú Institiúideach. Leis an gCreat-Chomhaontú Institiúideach, sholáthrófaí an creat rialachais le haghaidh comhaontuithe breise i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis páirteach, lena n-áirítear comhaontuithe a raibh caibidlíocht ina leith údaraithe ag an gComhairle, go háirithe maidir le sábháilteacht bia (2003 agus 2008) agus leictreachas (2006). Ina theannta sin, sholáthrófaí leis an creat rialachais le haghaidh an chomhaontaithe maidir leis an tsláinte, a raibh an chaibidlíocht ina leith údaraithe ag an gComhairle in 2008.

Tháinig caibidleoirí ar chomhaontú maidir le dréacht-téacs de Chreat-Chomhaontú Institiúideach ar an leibhéal teicniúil i mí na Samhna 2018. Mar fhreagairt ar dhiúltú na Comhairle Cónaidhme an dréacht-téacs a fhormhuiniú, tháinig deireadh leis an gcaibidlíocht maidir leis na comhaontuithe eile toisc gur chuir an Chomhairle, ina conclúidí an 19 Feabhra 2019, agus Parlaimint na hEorpa, ina moladh an 26 Márta 2019, tabhairt i gcrích comhaontuithe nua maidir le rochtain ar an margadh inmheánach nó coinníollacha feabhsaithe faoi chomhaontuithe atá ann cheana faoi réir thabhairt i gcrích an Chreat-Chomhaontaithe Institiúidigh. An 26 Bealtaine 2021, ainneoin iarrachtaí breise teacht ar réitigh, chinn Comhairle Cónaidhme na hEilvéise deireadh a chur go haontaobhach leis an gcaibidlíocht maidir leis an gCreat-Chomhaontú Institiúideach. Chuir cinneadh aontaobhach na hEilvéise stop sealadach leis an gcomhar déthaobhach i réimsí an taighde, na nuálaíochta agus an oideachais.

Nuair a theip ar an gcaibidlíocht maidir leis an gCreat-Chomhaontú Institiúideach, chuir an Coimisiún Eorpach agus an Eilvéis tús le cainteanna tosaigh i mí an Mhárta 2022 chun todhchaí a gcaidrimh a phlé. Mar thoradh ar na cainteanna sin, thángthas ar Chomhthuiscint lenar taifeadadh tuiscint pholaitiúil an dá thaobh maidir leis an mbealach chun cinn le haghaidh na caibidlíochta amach anseo agus lenar sainaithníodh comhpháirteanna agus paraiméadair pacáiste caibidlíochta leathain, chomh maith le réimsí a bhfuil tuiscint ann maidir leo agus réitigh i ndáil le príomhphointí institiúideacha agus earnála. Deimhníodh sa phróiseas taiscéalaíoch go bhfuil suim mhór ag an dá thaobh a gcomhar sa taighde, sa nuálaíocht agus san oideachas a athbheochan. Sa chomhthéacs sin, dearbhaíodh sa Chomhthuiscint go raibh sé ar intinn creat dlíthiúil a bhunú, mar chuid den phacáiste níos leithne, lena gcumasófar rannpháirtíocht na hEilvéise i CAI 2021-2027 atá ann faoi láthair agus i nglúnta ina dhiaidh sin de chláir de chuid an Aontais, lena n-áirítear na cláir réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, an Eoraip Dhigiteach, agus Erasmus+. Thairis sin, deimhníodh leis an gComhthuiscint go raibh sé ar intinn ag an dá thaobh dul i mbun caibidlíochta an athuair maidir le cur chun feidhme Chomhaontaithe GNSS idir an tAontas agus an Eilvéis (GALILEO agus breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí) agus tús a chur le plé maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcomhpháirt Copernicus de chlár spáis an Aontais.

D’fhormhuinigh Comhairle Cónaidhme na hEilvéise agus an Coimisiún Eorpach an Chomhthuiscint i mí na Samhna 2023. Gheall an dá thaobh go n-úsáidfidís í mar bhonn chun

[4] Comhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise lena mbunaítear comhar i réimse an oideachais agus na hoiliúna faoi chuimsiú chlár Erasmus (IO L 332, 3.12.1991, lgh. 52-60).

a sainorduithe caibidlíochta a lorg agus thaifead siad a n-uaillmhian an chaibidlíocht a thabhairt chun críche le linn 2024.

Dá bhrí sin, an 20 Nollaig 2023, ghlac an Coimisiún Moladh le haghaidh cinneadh ón gComhairle chun caibidlíocht a údarú maidir leis an bpacáiste leathan beart a sainaithníodh agus a sainíodh le linn na gcainteanna tosaigh. Ba é cuspóir foriomlán na caibidlíochta sin an caidreamh déthaobhach idir an tAontas agus an Eilvéis a nuachóiriú agus a neartú, iomaíocht chóir a áirithiú idir cuideachtaí an Aontais agus na hEilvéise atá ag feidhmiú laistigh den mhargadh inmheánach, agus cearta shaoránaigh an Aontais san Eilvéis a chosaint, lena n-áirítear cosc a chur ar idirdhealú idir saoránaigh Ballstát éagsúil. Chuirfeadh sé sin ar chumas na saoránach, na ngnólachtaí agus na dtaighdeoirí ar an dá thaobh tairbhe iomlán a bhaint as an ngaireacht gheografach, as na luachanna comhroinnte agus as na naisc eacnamaíocha idir an tAontas agus an Eilvéis. Ag an am céanna, thug an Chomhairle Cónaidhme faoin obair ullmhúcháin chomhfhreagrach ar thaobh na hEilvéise. Tar éis na próisis ábhartha san Eilvéis a thabhairt chun críche, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh cinneadh an 12 Márta 2024, lenar údaraíodh don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an bpacáiste leathan beart, mar aon le treoracha caibidlíochta mionsonraithe.

Deimhníodh sna treoracha caibidlíochta gur cheart don Choimisiún, mar chuid den phacáiste, comhaontú neamhspleách a chaibidliú ina leagfaí amach na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais. Leis an gcomhaontú sin, ba cheart cothromaíocht chóir a áirithiú idir ranníocaíochtaí na hEilvéise agus na sochair a eascraíonn as rannpháirtíocht sna cláir sin, chomh maith leis na coinníollacha rannpháirtíochta a bhunú, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le gach ceann de na cláir sin agus a gcostais riaracháin. Leis na prótacail maidir le comhlachas na hEilvéise le cláir shonracha de chuid an Aontais, ba cheart liosta na gclár ina nglacann an Eilvéis páirt a bhunú do gach glúin clár. De réir na dtreoracha caibidlíochta, ba cheart go gceadófaí leis an gcomhaontú freisin go bhféadfadh an Eilvéis comhlachas a dhéanamh amach anseo le cláir eile de chuid an Aontais trí phrótacal nó trí phrótacail, a ghlacfaí trí nós imeachta simplithe ag Comhchoiste arna bhunú faoin gcomhaontú.

Sheol Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Ursula von der Leyen, agus Uachtarán Chónaidhm na hEilvéise ag an am, Viola Amherd, an chaibidlíocht maidir leis an bpacáiste leathan an 18 Márta 2024. Rinne an Coimisiún an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gComhairle, lena n-áirítear an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, agus Meitheal CSTE arna ceapadh ag an gComhairle mar choiste speisialta chun críche caibidlíochta leis an Eilvéis. Tugadh aird chuí ar rún ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair 2023 agus choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas go cuí maidir leis an bpróiseas caibidlíochta i gcomhréir le hAirteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Tar éis 9 mí de dhianchaibidlíocht, d'fhógair na hUachtaráin von der Leyen agus Amherd gur tugadh an plé maidir le gach gné den phacáiste leathan chun críche go rathúil an 20 Nollaig 2024. Áirítear sa phacáiste leathan nuashonrú ar na cúig chomhaontú lena dtugtar rochtain cheana féin don Eilvéis ar mhargadh inmheánach an Aontais[5]; comhaontú nua maidir le sábháilteacht bia lena mbunófar Comhlimistéar Sábháilteachta Bia lena gcumhdófar gach gné den bhiashlabhra; comhaontú nua maidir leis an tsláinte a chuirfidh ar chumas na hEilvéise páirt a ghlacadh i sásraí agus i gcomhlachtaí an Aontais a thugann aghaidh ar bhagairtí

---

[5] Comhaontú maidir le hAeriompar, Comhaontú maidir le hIompar Earraí agus Paisinéirí d'Iarnród agus de Bhóthar, Comhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine, Comhaontú maidir le hAitheantas Frithpháirteach i ndáil le Measúnú Comhréireachta, Comhaontú maidir le Trádáil i dTáirgí Talmhaíochta, ar síníodh iad go léir an 21 Meitheamh 1999 (IO L 114, 30.4.2002, lch. 1).

tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, go háirithe an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú agus an Córas Luathrabhaidh agus Freagartha; comhaontú nua maidir le leictreachas lena gceadófar rannpháirtíocht na hEilvéise i margadh inmheánach leictreachais an Aontais; comhaontú nua maidir le ranníocaíocht airgeadais bhuan chothrom na hEilvéise leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta laistigh den Aontas, lena léirítear leibhéal na comhpháirtíochta agus an chomhair idir na páirtithe; agus comhaontú nua lena gceadófar don Eilvéis páirt a ghlacadh i roinnt clár de chuid an Aontais atá oscailte do chomhlachas tríú tíortha, is é sin Fís Eorpach, Taighde agus Oiliúint Euratom, ITER/F4E (Fuinneamh Comhleá), an Eoraip Dhigiteach, Erasmus+, chomh maith le EU4Health, clár arb é is aidhm dó comhlánú a dhéanamh ar an gcomhar a bunaíodh sa chomhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis maidir leis an tsláinte a rinne an dá chomhpháirtí a chaibidliú mar chuid den phacáiste leathan céanna. Sa bhreis ar na gnéithe a liostaítear thuas, áirítear sa phacáiste leathan prótacal ar leith maidir le comhar parlaiminteach.

Cé gur cuid dhílis den phacáiste níos leithne a caibidlíodh idir an dá chomhpháirtí in 2024 é an comhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais (an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais ('an Comhaontú'), chinn an Coimisiún dlús a chur leis an togra lena shíniú agus é d'aidhm aige tús a chur lena chur i bhfeidhm sealadach — i gcomhréir le hAirteagal 18 má shínítear é roimh an 15 Samhain 2025 – le héifeacht ón 1 Eanáir 2025. Leis an gcur chuige sin, beifear in ann éifeacht a thabhairt do na socruithe idirthréimhseacha a dheonaigh an Coimisiún don Eilvéis le linn chaibidlíocht an phacáiste níos leithne, le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana lena gcuirtear leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2025 chun feidhme. I bhfianaise thábhacht rannpháirtíocht na hEilvéise, is chun leas an Aontais é an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach. Ag an am céanna, ní dhéanann sé difear do chur chuige an phacáiste leathain arna bhunú leis an gComhthuiscint agus arna dhearbhú le treoracha caibidlíochta na Comhairle, ós rud é go n-áirítear clásal éagtha sa Chomhaontú a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais, lena bhforáiltear go scoirfear de chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe mura dtabharfaidh an Eilvéis chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh an pacáiste i bhfeidhm faoi dheireadh 2028. Thairis sin, foráiltear do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe mar chuid den phacáiste níos leithne, lena gcuimsítear príomh-chomhaontuithe eile a bhí faoi réir na caibidlíochta a rinneadh in 2024. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra ar leithligh a dhéanamh chuige sin.

Ós rud é go mbeidh an Eilvéis rannpháirteach freisin i gClár Taighde agus Oiliúna Euratom, agus sa Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, tá Moladh ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle ag gabháil leis an togra seo lena bhformheastar tabhairt i gcrích agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le cláir de chuid an Aontais (le haghaidh ábhair a thagann faoi Chonradh Euratom).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ó thaobh ábhair de, tá an Comhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais cosúil le comhaontuithe eile atá tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach le blianta beaga anuas le comhpháirtithe amhail an Ríocht Aontaithe, an Nua-Shéalainn agus Ceanada agus, dá bhrí sin, tá sé comhsheasmhach le beartas an Aontais sa réimse sin. Tá forálacha sonracha áirithe sa Chomhaontú, áfach, a bhaineann lena chomhtháthú sa phacáiste leathan a bhfuil an Comhaontú seo ina dhlúthchuid de, go háirithe chun freastal ar an nasc idir

rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár EU4Health agus an Comhaontú nua idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tsláinte.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an gComhaontú, atá mar chuid de phacáiste leathan comhaontuithe idir an tAontas agus an Eilvéis, urramaítear na Conarthaí go hiomlán agus caomhnaítear sláine agus neamhspleáchas dhlíchóras an Aontais. Cuirtear luachanna, cuspóirí, agus leasanna an Aontais chun cinn leis, agus áirithítear comhsheasmhacht, éifeachtacht agus leanúnachas a bheartas agus a ghníomhaíochtaí.

Le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais, tabharfar lánurraim do na bunghníomhartha lena sainmhínítear na cláir agus rialacháin an Aontais atá ann cheana a bhaineann le bainistíocht airgeadais amhail an Rialachán Airgeadais[6].

## 2. BUNÚS DLÍ

Bunaítear leis an gComhaontú na rialacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise in aon chlár, gníomhaíocht, nó codanna de chlár nó gníomhaíocht de chuid an Aontais, atá oscailte dá rannpháirtíocht, agus cumhdaítear leis raon leathan réimsí faoi CFAE, go háirithe maidir le taighde agus nuálaíocht, oideachas, oiliúint, an óige, spórt agus cultúr, chomh maith le réimsí eile leasa choitinn amhail an claochlú digiteach agus gníomhaíocht i réimse na sláinte. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an gComhaontú agus tugadh chun críche í ag an am céanna leis an gcaibidlíocht maidir leis an bpacáiste leathan. Tá dlúthnasc idir an Comhaontú agus gnéithe eile den phacáiste leathan. I ndáil leis sin, foráiltear leis an gComhaontú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm faoi réir chomhlíonadh na nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh 13 ionstraim eile den phacáiste i bhfeidhm. Áirítear ann clásal éagtha, lena bhforáiltear go scoirfear de chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe mura dtabharfaidh an Eilvéis chun críche na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh an pacáiste i bhfeidhm faoi dheireadh 2028. Tá forálacha sa Chomhaontú freisin lena n-áirithítear go mbeidh dlúthbhaint ag rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le Sláinte. Ina theannta sin, d’fhéadfaí bearta cúiteacha a dhéanamh faoin gComhaontú i gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú maidir le rannchuidiú na hEilvéise leis an gcomhtháthú. I bhfianaise na nasc intreach le príomh-chomhaontuithe eile an phacáiste níos leithne, ba cheart an Comhaontú a thabhairt i gcrích ag an am céanna le comhaontuithe eile an phacáiste agus mar chuid lárnach den phacáiste sin.

Ós rud é go mbeartaítear leis an gComhaontú seo comhlachas a dhéanamh le roinnt clár de chuid an Aontais, agus gur cuid é de phacáiste leathan comhaontuithe nasctha, léirítear a phríomhchuspóir sa bhunús dlí lena bhforáiltear do chomhlachas a bhunú lena gceadaítear don Aontas gealltanais a ghlacadh ar láimh i ngach réimse a chumhdaítear leis na Conarthaí. Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE an bunús dlí substainteach iomchuí don Chinneadh ón gComhairle atá beartaithe maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart idirdhealú a dhéanamh idir sin agus cás na gcomhaontuithe a rinneadh le déanaí leis an Nua-Shéalainn, le Ceanada agus le Poblacht na Cóiré, maidir le rannpháirtíocht na dtíortha sin i gcláir de chuid an Aontais agus maidir lena gcomhlachas le Fís Eorpach, a bhí bunaithe ar Airteagal 212 CFAE i bhfianaise a raoin feidhme níos teoranta.

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, lch 1).

Is é Airteagal 218(5) CFAE, arna léamh i gcomhar leis an dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE, lena ndéantar foráil maidir le vótáil aontoilíochta sa Chomhairle, an bunús dlí nós imeachta.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 217 CFAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 218(5) CFAE agus leis an dara fomhír d'Airteagal 218(8) CFAE, an bunús dlí don Chinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

Cumhdaítear leis an gComhaontú freisin rannpháirtíocht na hEilvéise i ngníomhaíochtaí faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom') a bhaineann le comhleá núicléach, scoilteadh núicléach agus oiliúint núicléach. Tá síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom faoi réir Mholadh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach i gcrích an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Eilvéis, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais, a thíolactar in éineacht leis an togra seo faoi nós imeachta ar leithligh.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

N/B

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

N/B

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

N/B

- **Measúnú tionchair**

N/B

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

N/B

- **Cearta bunúsacha**

N/B

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh tionchar ag an gComhaontú ar bhuiséad an Aontais trí chomhlachas na hEilvéise le Fís Eorpach, Clár Taighde agus Oiliúna Euratom, le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt, leis an Eoraip Dhigiteach, le Erasmus+ agus le cláir EU4Health. Leagtar amach sa Chomhaontú coinníollacha córa cothroma maidir le ranníocaíocht airgeadais na hEilvéise le cláir de chuid an Aontais ina mbeadh sí rannpháirteach agus déantar foráil do na costais riaracháin ghinearálta chun na cláir sin a bhainistiú. Áirítear sa Chomhaontú clásal cómhalartachta, lena n-áiritheofar go mbeidh

rochtain, a mhéid is féidir, ag eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas ar rannpháirtíocht i gcláir choibhéiseacha taighde agus nuálaíochta na hEilvéise, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i reachtaíocht intíre na hEilvéise.

Leagtar amach sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a chuirtear i láthair leis an togra seo na himpleachtaí táscacha buiséadacha.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

N/B

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

N/B

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar amach sa Chomhaontú maidir le rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais an creat dlíthiúil le haghaidh rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais, lena n-áirithítear cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann leis na ranníocaíochtaí agus na sochair. Áirithítear leis freisin nach dtugtar aon chumhacht chinnteoireachta don Eilvéis i ndáil leis na cláir ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach.

Leagtar síos sa Chomhaontú na coinníollacha maidir le ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair agus a gcostais riaracháin, agus ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

Leagtar síos sa Chomhaontú freisin coinníollacha eile maidir le rannpháirtíocht i gcláir de chuid an Aontais, amhail forálacha maidir le soghluaisteacht daoine a ghlacann páirt i gcur chun feidhme na gclár sin de chuid an Aontais. Áirítear sa Chomhaontú na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais a chur ar fionraí agus maidir leis an gComhaontú a fhoirceannadh. Áirítear ann freisin forálacha lena n-áirithítear nach ndéanfaidh na cásanna sin difear do na gealltanais dhlíthiúla a glacadh ar láimh le heintitis de chuid na hEilvéise.

Déantar foráil sa Chomhaontú maidir lena chur i bhfeidhm sealadach le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2025, má shínítear é roimh an 15 Samhain 2025, agus é mar chuspóir tús a chur leis an gcomhar sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú ar an dáta a shonraítear le haghaidh gach cláir. A mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár EU4Health, tá an dáta sin nasctha le dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir leis an tSláinte.

Le Prótacal I cumhdaítear rannpháirtíocht na hEilvéise sa chlár Fís Eorpach agus sna cláir don Eoraip Dhigiteach, ón 1 Eanáir 2025, agus Erasmus+ ón 1 Eanáir 2027. Cumhdaítear le Prótacal I freisin Clár Taighde agus Oiliúna Euratom agus gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt. Is ábhar é Clár Taighde agus Oiliúna Euratom a thagann faoi Chonradh Euratom. Dá bhrí sin, cumhdaítear é leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú i gcrích maidir le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom a thíolactar in éineacht leis an togra seo faoi nós imeachta ar leithligh.

Is é Fís Eorpach (2021-2027)[7] clár suaitheanta an Aontais um thaighde agus um nuálaíocht. Déantar foráil i bPrótacal I maidir le comhlachas na hEilvéise leis an gclár Fís Eorpach ina iomláine. Is é is príomhaidhm do Cholún I den chlár boinn eolaíochta agus teicneolaíochta an Aontais féin a neartú, cumais taighde agus nuálaíochta na hEorpa a mhéadú agus eolas agus daoine tréitheacha a mhealladh chun na hEorpa. Is é is aidhm do Cholún II dul i ngleic le Dúshláin Dhomhanda agus iomaíochas tionsclaíoch na hEorpa a neartú, go minic trí thionscadail de chineál ildisciplíneach nó idirdhisciplíneach. Dírítear i gColún III ar iomaíochas agus ar chumais nuálaíochta an Aontais. Cumhdaítear le comhlachas na hEilvéise freisin na codanna den chlár lena ndírítear ar rannpháirtíocht a leathnú agus ar an Limistéar Eorpach Taighde a neartú.

Meastar go mbeidh an Eilvéis comhlachaithe le Erasmus+, Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt, ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh. Is é cuspóir an chláir tacú, trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil, le forbairt oideachais, ghairmiúil agus phearsanta daoine san oideachas, san oiliúint, san óige agus sa spórt, san Eoraip agus níos faide i gcéin. Áirítear ann gníomhaíochtaí atá dírithe ar shoghluaisteacht, ar chomhar idir eagraíochtaí agus ar fhorbairt beartais. Is é sainiúlacht an chláir i gcomparáid le cláir eile de chuid an Aontais go mbainistítear an chuid is mó dá bhuiséad faoi bhainistíocht indíreach.

Leagtar amach i bPrótacal I na coinníollacha sonracha maidir le comhlachas le Erasmus+. I gcomhréir le bunús dlí an chláir[8], áirítear ar na coinníollacha sin Údarás Náisiúnta a ainmniú, Gníomhaireacht Náisiúnta a bhunú, agus Comhlacht Iniúchóireachta Neamhspleách a ainmniú. Tá rannpháirtíocht na hEilvéise sa chlár ag brath ar mheasúnú dearfach *ex-ante* a Gníomhaireachta Náisiúnta agus ar ranníocaíocht airgeadais a íoc. De mhaolú ar na coinníollacha airgeadais faoin gComhaontú seo, agus teoranta do Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, is é a bheidh i ranníocaíocht oibríochtúil na hEilvéise 70 % den treoir ranníoca a shainítear sa chomhaontú.

Maidir leis an gClár don Eoraip Dhigiteach[9], beidh an Eilvéis comhlachaithe le beagnach gach gné den chlár seachas Cuspóir Sonrach 3 maidir leis an gCibearshlándáil agus Cuspóir Sonrach 6 maidir le Leathsheoltóirí i gcás nach féidir aon tríú tír a bheith comhlachaithe (seachas Stáit CSTE LEE). Dá bhrí sin, beidh an Eilvéis comhlachaithe le Cuspóirí Sonracha CS1 (Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta), CS2 (Intleacht Shaorga), CS4 (Ardscileanna Digiteacha) agus CS5 (Imscaradh agus Úsáid is Fearr Acmhainní Digiteacha agus Idir-inoibritheacht). Beidh eintitis de chuid na hEilvéise in ann páirt a ghlacadh sna glaonna a bhfuil siad incháilithe dóibh.

Tá impleachtaí díreacha ag gníomhaíochtaí áirithe faoin gClár don Eoraip Dhigiteach, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a thagann faoi Chuspóir Sonrach 1 (Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta) agus faoi Chuspóir Sonrach 2 (Intleacht Shaorga), ar leasanna slándála bunriachtanacha an Aontais agus a Bhallstát. Dá bhrí sin, cuireadh srian ar na gníomhaíochtaí sin faoi Airteagal 12(6) den Rialachán maidir leis an gClár don Eoraip Dhigiteach, agus leagtar amach i gClár Oibre 2025-2027 téarmaí agus coinníollacha sonracha rannpháirtíochta.

[7] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh (OJ L 170, 12.5.2021, lch. 1).

[8] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

[9] Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021, lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2015/2240) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 166, 11.5.2021, lgh. 1-34).

Chuige sin, seoladh ceistneoir chuig údaráis ábhartha na hEilvéise an 13 Eanáir 2025, a bheidh orthu a líonadh isteach. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar fhreagairtí na hEilvéise chun a chinneadh an féidir eintitis atá bunaithe san Eilvéis a áireamh i raon feidhme na hincháilitheachta le haghaidh na ngníomhaíochtaí lena mbaineann. Tá an ceistneoir seo comhionann den chuid is mó leis an gceistneoir a cuireadh faoi bhráid na hEilvéise ó thaobh an mheasúnaithe faoi Airteagal 22(5) de Rialachán (AE) 2021/695 i mí na Nollag 2024, agus is é an phríomhdhifríocht atá ann go ndírítear an critéar cómhalartachta ar an gClár don Eoraip Dhigiteach agus ar bhreithnithe earnála breise sa chuid a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach choigríche.

Cumhdaítear le Prótacal II rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chomhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt. Ós rud é go dtagann an t-ábhar seo faoi Chonradh Euratom, cumhdaítear é leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena bhformheastar go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú i gcrích a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoi Chonradh Euratom, a thíolactar in éineacht leis an togra seo faoi nós imeachta ar leithligh.

Sonraítear i bPrótacal III maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár EU4Health gur féidir leis an Eilvéis páirt a ghlacadh mar thír chomhlachaithe i gcodanna sonracha den Chlár EU4Health arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/522 agus rannchuidiú leo. Baineann na codanna sonracha le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna mar a chumhdaítear leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tSláinte. De réir Phrótacal III, glacfaidh an Eilvéis páirt sa Chlár EU4Health ón 1 Eanáir den bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tSláinte, ar feadh na tréimhse atá fágtha den Chlár EU4Health nó go dtí deireadh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, cibé acu is giorra.

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra le haghaidh cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Comhaontú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

2025/0086 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217, i gcomhar le hAirteagal 218(5) agus an dara fomhír d'Airteagal 218(8) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Márta 2024, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise maidir le pacáiste leathan beart a bhaineann leis an gcaidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise, ina bhfuil forálacha institiúideacha agus Státchabhrach i gcomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach, agus, i gcás inar gá, oiriúnuithe sonracha orthu, ina bhfuil comhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i gcláir de chuid an Aontais agus comhaontú atá mar bhonn le rannchuidiú buan na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir réigiúin a laghdú[1]. D'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún freisin tús a chur le caibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhaontuithe nua i ndáil le leictreachas, an tsláinte agus sábháilteacht bia, maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise i nGníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh do Chlár Spáis an Aontais agus d'Iarnróid, agus maidir leis an leasú ar an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le haeriompar chun cabatáiste a cheadú.

(2) Rinne an Coimisiún, thar ceann an Aontais, pacáiste leathan comhaontuithe a chaibidliú lena n-áirítear Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais ('an Comhaontú'), chomh maith le Prótacail maidir le státchabhair institiúideach agus lena leasaítear forálacha le haghaidh comhaontuithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise i réimsí a bhaineann leis an margadh inmheánach ina bhfuil an Eilvéis rannpháirteach, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le ranníocaíocht rialta airgeadais na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis

[1] Cinneadh (AE, Euratrom) 2024/995 ón gComhairle an 12 Márta 2024 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise i ndáil le forálacha institiúideacha i gcomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise a bhaineann leis an margadh inmheánach, i ndáil le comhaontú maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais agus i ndáil le comhaontú atá mar bhonn le rannchuidiú buan na hEilvéise le comhtháthú an Aontais (IO L, 2024/995, 26.3.2024).

an tsláinte, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le leictreachas, Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta lena mbunaítear Comhlimistéar Sábháilteachta Bia, agus Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis.

(3) Bunaítear leis an gComhaontú na rialacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise in aon chlár, gníomhaíocht, nó codanna de chlár nó de ghníomhaíocht de chuid an Aontais, atá oscailte dá rannpháirtíocht, agus cumhdaítear leis raon leathan réimsí, go háirithe maidir le taighde agus nuálaíocht, comhleá agus scoilteadh núicléach, agus oideachas, oiliúint, an óige, spórt agus cultúr, chomh maith le réimsí eile leasa choitinn amhail an claochlú digiteach agus gníomhaíocht i réimse na sláinte. Ina theannta sin, tá dlúthnasc idir an Comhaontú agus gnéithe eile den phacáiste leathan. I ndáil leis sin, déantar foráil sa Chomhaontú maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár do ghníomhaíocht an Aontais i réimse na sláinte a bhfuil dlúthbhaint aici leis an gComhaontú maidir leis an tSláinte; d'fhéadfaí bearta cúitimh a dhéanamh faoin gComhaontú i gcás neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú maidir le ranníocaíocht airgeadais rialta na hEilvéise chun éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta san Aontas Eorpach a laghdú.

(4) Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht maidir leis an gComhaontú agus tugadh chun críche í ag an am céanna leis an gcaibidlíocht maidir leis an bpacáiste leathan. Foráiltear le hAirteagal 17 den Chomhaontú go bhfuil a theacht i bhfeidhm nasctha le teacht i bhfeidhm roinnt ionstraimí atá mar chuid den phacáiste. Déantar foráil sealadach leis an gComhaontú, a rachaidh in éag, áfach, an 31 Nollaig 2028 ar a dhéanaí mura mbeidh a nósanna imeachta inmheánacha tugtha chun críche ag an Eilvéis faoin dáta sin, ar nósanna imeachta iad is gá do theacht i bhfeidhm na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 17 den Chomhaontú. Tá an Comhaontú le tabhairt i gcrích ag an am céanna leis na heilimintí eile den phacáiste leathan agus mar dhlúthchuid den phacáiste sin. Dá bhrí sin, ba cheart an cinneadh maidir leis an gComhaontú a shíniú a bheith bunaithe ar an mbunús dlí lena bhforáiltear do chomhlachas a bhunú lena gceadaítear don Aontas gealltanais a ghlacadh ar láimh i ngach réimse a chumhdaítear faoi na Conarthaí.

(5) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar cheann an Aontais a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(6) D'fhonn fairsinge a gcomhair a mhéadú, foráiltear leis an gComhaontú go gcuirfidh na Páirtithe i bhfeidhm go sealadach é, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha agus lena reachtaíocht féin, ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, mura rud é go síneofar é tar éis an 15 Samhain 2025, agus sa chás sin cuirfidh na Páirtithe an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(8) De bhun Airteagal 18 den Chomhaontú, rachaidh an cur i bhfeidhm sealadach in éag an 31 Nollaig 2028 ar a dhéanaí mura mbeidh a nósanna imeachta inmheánacha tugtha chun críche ag an Eilvéis faoin dáta sin, ar nósanna imeachta iad is gá do theacht i bhfeidhm na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 17 den Chomhaontú.

(9) Tá síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe a mhéid a bhaineann le hábhair a thagann faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach faoi réir nós imeachta ar leithligh faoin gConradh sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú, thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le hábhair seachas na hábhair sin a thagann faoin gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (‘Conradh Euratom’), an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais (‘an Comhaontú’), faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.[2]

*Airteagal 2*

Faoi réir na cómhalartachta, déanfar an Comhaontú, a mhéid a bhaineann le hábhair seachas na hábhair sin a thagann faoi Chonradh Euratom, a chur i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le hAirteagal 18 den Chomhaontú.[3]

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

2 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L […].

3 Foilseofar an dáta óna gcuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

## RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

## 'IONCAM'- LE hAGHAIDH TOGRAÍ A BHFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH IONCAIM AN BHUISÉID

**1. AINM AN TOGRA:**

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gCláir de chuid an Aontais (Fís Eorpach, Erasmus+, EU4Health[1], an Eoraip Dhigiteach).

**2. LÍNTE BUISÉID:**

**Fís Eorpach**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): 6 0 1 0 — Fís Eorpach — Ioncam sannta

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann:

Sannfar na hioncaim don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

Airteagal iomlán 01 0 1 0 1 (01 0 1 0 1 0 1, 01 0 1 0 1 0 2, 01 0 1 0 1 0 3, 01 0 1 0 1 1 1, 01 01 01 12, 01 0 1 0 1 1 3, 01 0 1 0 1 7 1, 01 0 1 0 1 7 2, 01 0 1 0 1 7 3, 01 0 1 0 1 7 4, 01 01 01 76)

Airteagal iomlán 01 0 2 0 1 (01 0 2 0 1 0 1, 01 0 2 0 1 0 2, 01 0 2 0 1 0 3)

Airteagal iomlán 01 02 02 (01 02 02 10, 01 02 02 11, 01 02 02 12, 01 02 02 20, 01 02 02 30, 01 02 02 31, 01 02 02 40, 01 02 02 41, 01 02 02 42, 01 02 02 43, 01 02 02 50, 01 02 02 51, 01 02 02 52, 01 02 02 53, 01 02 02 54, 01 02 02 60, 01 02 02 61, 01 02 02 70)

Airteagal iomlán 01 0 2 0 3 (01 0 2 0 3 0 1, 01 0 2 0 3 0 2, 01 0 2 0 3 0 3)

Airteagal iomlán 01 0 2 0 4 (01 0 2 0 4 0 1, 01 0 2 0 4 0 2)

Airteagal 01 0 2 0 5

Líne bhuiséid 20.XX Caiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh

**Erasmus+**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): 6 0 1 0 — Erasmus+ — Ioncam sannta

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann:

Sannfar na hioncaim don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

Airteagal iomlán

[1] Sonraítear i bPrótacal III maidir le rannpháirtíocht na hEilvéise sa Chlár EU4Health gur féidir leis an Eilvéis páirt a ghlacadh mar thír chomhlachaithe i gcodanna sonracha den Chlár EU4Health arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/522 agus rannchuidiú leo. Baineann na codanna sonracha le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna mar a chumhdaítear leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tSláinte.

Erasmus+ (Ceannteideal 2 : 07.030101, 07.030102, 07.0302, 07.0303, 07.010201.xx, 07.010275)

Erasmus+ (Ceannteideal 6 : 15.020102, 14.020150, 14.010175, 15.010175).

Líne bhuiséid 20.XX Caiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh

**EU4Health**

**Teideal 6:** Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais, Caibidil 6 1 : Comhtháthú, athléimneacht agus luachanna, Airteagal 6 1 1: Téarnamh agus Athléimneacht, agus ítim:

6113 An clár EU4Health — Ioncam sannta

Sannfar na hioncaim do na línte caiteachais seo a leanas:

| **Líne bhuiséid** | **Teideal** |
|---|---|
| 06 0 1 0 5 7 3– Ceannteideal 2b | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ón gClár EU4Health |
| 06 0 1 0 5 0 1– Ceannteideal 2b | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir EU4Health |
| 06 0 6 0 1– Ceannteideal 2b | Clár EU4Health |
| 20 0 2 0 1 0 1– Ceannteideal 7 | Baill foirne ar conradh |
| 20 0 4 0 1- Ceannteideal 7 | Córais faisnéise |

**An Eoraip Dhigiteach**

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim): 6 0 2 0 — An Clár don Eoraip Dhigiteach — Ioncam sannta

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana lena mbaineann: 19 296 000

Sannfar na hioncaim don líne chaiteachais seo a leanas (Caibidil/Airteagal/Ítim):

| | |
|---|---|
| 02 0 1 3 0 0 1 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Eoraip Dhigiteach |
| 02 0 1 3 0 7 3 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ón gClár don Eoraip Dhigiteach |
| 02 0 4 0 2 1 0 | An Clár don Eoraip Dhigiteach — An ríomhaireacht ardfheidhmíochta |

| | |
|---|---|
| 02 0 4 0 3 0 0 | an Clár don Eoraip Dhigiteach - an Intleacht Shaorga |
| 02 0 4 0 4 0 0 | An Clár don Eoraip Dhigiteach - Scileanna |
| 02 0 4 0 5 0 1 | An Clár don Eoraip Dhigiteach - Cur in úsáid |
| 02 0 4 0 5 0 2 | An Clár don Eoraip Dhigiteach - Cur in úsáid / Idir-inoibritheacht |
| Líne bhuiséid 20.XX | Caiteachas riaracháin an Choimisiúin Eorpaigh |

## 3. TIONCHAR AIRGEADAIS[2]

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam

☑ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

[2] Is figiúirí táscacha iad na figiúirí uile le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027 a luaitear sa roinn seo, agus comhfhreagraíonn siad do na meastacháin is déanaí atá ar fáil.

Is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

**Fís Eorpach**

*(EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb (*más infheidhme*) | Bliain N (2025) |
|---|---|---|---|
| 6 0 1 0 | 1 934,043 | 36 mhí dar tús 01/01/2025 | 636,724 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | |
|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | 2025 | 2026 | 2027 |
| 6 0 1 0 | 636,724 | 640,836 | 656,483 |

| Líne chaiteachais | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|
| Airteagail 01 0 1 0 1; 01 0 2 0 1; 01 0 2 0 2; 01 0 2 0 3; 01 0 2 0 4; 01 0 2 0 5 | 621,194 | 622,171 | 631,234 |
| 20 XX | 15,530 | 18,665 | 25,249 |

**Erasmus+**

*(EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb (*más infheidhme*) | Bliain N (2027) |
|---|---|---|---|
| 6 0 1 0 | 181,1 | 12 mhí dar tús 01/01/2027 | 181,1 |

| Líne ioncaim | 2027 |
|---|---|
| 6 0 1 0 | 181.1 |

| Líne chaiteachais | 2027 |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Airteagail :<br>07.030101,<br>07.030102,<br>07.0302,<br>07.0303,<br>07.010201,<br>07.010275 | 174,1 |
| 20 XX | 7,0 |

**EU4Health**

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam[3] | Tréimhse 24 mhí dar tús 01/01/2026 | Bliain N |
|---|---|---|---|
| Airteagal 6113 | 47,738[4] | 01/01/2026[5] | 31/12/2027 |

| Líne ioncaim | 2026[6] | 2027 |
|---|---|---|
| Airteagal 6113 | 23,869 | 23,869 |

*(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)*

| Líne chaiteachais | Teideal | Leithdháileadh 2026 |
|---|---|---|
| 06 0 1 0 5 7 3 | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú — Ranníocaíocht ón gClár EU4Health | 0,684 |
| 06 0 1 0 5 0 1 | Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir EU4Health | 0,292 |
| 06 0 6 0 1 | Clár EU4Health | 22,425 |
| 20 0 2 0 1 0 1 | Baill foirne ar conradh | 0,234 |
| 20 0 4 0 1 | Córais faisnéise | 0,234 |

[3] Is meastachán, atá bunaithe ar an bhfoirmle nó ar an modh a shainítear faoi roinn 4, é an méid.

[4] Tá an méid iomlán beagán éagsúil ón méid iomlán sa tábla thíos mar gheall ar shlánú na méideanna bliantúla go dtí ionad deachúlach amháin.

[5] Glacfaidh an Eilvéis páirt sa Chlár EU4Health ón 1 Eanáir den bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir leis an tSláinte, ar feadh na tréimhse atá fágtha den Chlár EU4Health nó go dtí deireadh an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, cibé acu is giorra.

[6] Tá an méid bunaithe ar an imchlúdach Ullmhachta Géarchéime atá cláraithe i gClár Oibre EU4Health 2024.

**An Eoraip Dhigiteach**

*(EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)*

| Líne ioncaim | Tionchar ar ioncam | Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb (*más infheidhme*) | Bliain N (2025) |
|---|---|---|---|
| 6 0 2 2 | 59,875 | 36 mhí dar tús 01/01/2025 | 19,296 |

| Staid tar éis na gníomhaíochta | | | |
|---|---|---|---|
| Líne ioncaim | 2025 | 2026 | 2027 |
| 6 0 2 2 | 19,296 | 18,793 | 21,786 |

| Líne chaiteachais | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|
| Airteagail<br>02 0 1 3 0<br>02 0 4 0 2<br>02 0 4 0 3<br>02 0 4 0 4<br>02 0 4 0 5 | 18,826 | 18,245 | 20,948 |
| 20 XX | 0,470 | 0,548 | 0,838 |

## 4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Le hAirteagal 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ceanglaítear ar an gCoimisiún calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac. Dá bhrí sin, is oibleagáid ghinearálta ar Sheirbhísí uile an Choimisiúin, faoi chuimsiú a bhfreagrachtaí laethúla a bhaineann le húsáid acmhainní, an chalaois a chosc agus a bhrath.

Tá tionchar diúltach ar leith ag aon chalaois nó neamhréireacht a bhaineann le cistí an Aontais ar chlú an Choimisiúin agus ar chur chun feidhme bheartais an Aontais. Glacadh Straitéis Frithchalaoise reatha an Choimisiúin (COM(2019)196) an 29 Aibreán 2019, chun Straitéis 2011 a ionadú. Is doiciméad beartais é lena leagtar amach tosaíochtaí an Choimisiúin sa chomhrac in aghaidh na calaoise i bhfianaise an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Is iad príomhchuspóirí Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019 1 ) ‘tuilleadh feabhais a chur ar an tuiscint ar phatrúin chalaoise, ar phróifílí calaoiseoirí agus ar leochaileachtaí sistéamacha a bhaineann le calaois a dhéanann difear do bhuiséad an Aontais’ (bailiú agus anailísiú sonraí), agus 2) ‘barrfheabhas a chur ar an gcomhordú, ar an gcomhar agus ar na sreafaí oibre le haghaidh an chomhraic in aghaidh na calaoise, go háirithe i measc sheirbhísí agus ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Choimisiúin’ (comhordú,

comhar agus próisis). Ag gabháil leis an straitéis tá Plean Gníomhaíochta a athbhreithníodh i mí Iúil 2023 agus a fhéachann, cosúil lena réamhtheachtaí, le gach cuid den timthriall frithchalaoise a neartú: cosc, brath, imscrúdú agus ceartú.

Is iad seo a leanas treoirphrionsabail agus sprioc-chaighdeáin Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019:

- neamhfhulaingt ar an gcalaois;
- comhrac in aghaidh na calaoise mar chuid dhílis de rialú inmheánach;
- cost-éifeachtúlacht na rialuithe;
- ionracas agus inniúlacht ghairmiúil fhoireann an Aontais;
- trédhearcacht maidir leis an mbealach a n-úsáidtear cistí ón Aontas;
- cosc calaoise, go háirithe seiceálacha a dhéanamh ar chláir chaiteachais ó thaobh cosanta calaoise de;
- acmhainneacht maidir le himscrúdú éifeachtach agus malartú tráthúil faisnéise;
- ceartú pras (lena n-áirítear cistí a ndearnadh calaois orthu agus smachtbhannaí breithiúnacha nó riaracháin a aisghabháil);
- dea-chomhar idir gníomhaithe inmheánacha agus seachtracha, go háirithe idir an tAontas Eorpach agus údaráis náisiúnta atá freagrach, agus i measc ranna institiúidí agus chomhlachtaí uile an Aontais lena mbaineann;
- cumarsáid inmheánach agus sheachtrach atá éifeachtach maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise.

Tá forálacha mionsonraithe in Airteagail 11 go 14 den Chomhaontú maidir le Bainistíocht Fhónta Airgeadais, lena n-áirítear bearta frithchalaoise freisin. Beidh na bearta sin infheidhme go cothrománach chun a áirithiú go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh ar fud chláir nó ghníomhaíochtaí de chuid an Aontais a chumhdófar sna Prótacail a bheidh ann amach anseo a d'fhéadfadh an Comhchoiste a ghlacadh faoin gComhaontú chun Cónaidhm na hEilvéise a chomhlachú le roinnt clár nó gníomhaíochtaí de chuid an Aontais. Tá siad infheidhme freisin maidir le Prótacail, ós rud é gur cuid dhílis de na Prótacail agus de na hIarscríbhinní iad.

Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 11 agus 12 den Chomhaontú maidir leis na mionsonraí agus na próisis is gá agus ceadaítear do na comhlachtaí cúraimí a fhorghníomhú gan locht chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint (an Coimisiún Eorpach nó daoine eile ar thug an Coimisiún Eorpach sainordú dóibh, lena n-áirítear an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)). Le linn chur chun feidhme na gClár nó na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le Prótacail an Chomhaontaithe, tá an prionsabal slán: tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur.

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas oibriú i gcomhar go hiomlán maidir le leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus ní mór dó a áirithiú

go dtabharfaidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Mar a fhoráiltear go sainráite in Airteagal 11(4) den Chomhaontú, féadfar na hathbhreithnithe agus na hiniúchtaí a dhéanamh freisin tar éis chur i bhfeidhm an Phrótacail a chur ar fionraí, tar éis scor an chur i bhfeidhm nó tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe.

Áirithíonn an an Comhaontú go bhféadfadh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise ar eintiteas de chuid na hEilvéise atá ina pháirtí i gcomhaontú cistiúcháin ábhartha nó d'eintiteas de chuid na hEilvéise tríú páirtí a chuireann an comhaontú cistiúcháin chun feidhme faoi chonradh, i gcomhréir leis an gcomhaontú cistiúcháin ábhartha agus leis an gconradh eile is infheidhme, agus a mhéid a fhoráiltear maidir leis sin ann. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i gcríoch Chónaidhm na hEilvéise, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach agus OLAF ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí na hEilvéise.

Féadfaidh oifigigh de chuid an Aontais, go háirithe oifigigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, nó daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach, athbhreithnithe agus iniúchtaí a dhéanamh. Agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu i gcríoch Chónaidhm na hEilvéise, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach nó daoine eile arna sainordú ag an gCoimisiún Eorpach ar bhealach a bheidh i gcomhréir le dlí na hEilvéise.

I gcomhréir leis na hionstraimí comhair idirnáisiúnta is infheidhme, oibreoidh údaráis na hEilvéise i gcomhar le húdaráis an Aontais nó na mBallstát atá inniúil i gcionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear déantóirí agus comhchoirithe líomhnaithe na gcionta coiriúla sin a thabhairt chun breithiúnais. Maidir le hiarrataí arna dtíolacadh de bhun na n-ionstraimí comhair idirnáisiúnta is infheidhme, féadfar a áireamh iontu, de réir mar is infheidhme, iarrataí arna ndéanamh i ndáil le himscrúduithe nó ionchúisimh OIPE. Tugtar leis sin deis dul i gcomhar le OIPE mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil.

Thairis sin, déantar foráil sa Chomhaontú maidir le sásra éifeachtach chun forfheidhmiú chinntí an Choimisiúin ar chríoch Chónaidhm na hEilvéise a áirithiú.

## 5. BARÚLACHA EILE

Sainmhínítear an modh chun ranníocaíocht airgeadais Chónaidhm na hEilvéise a ríomh ar fud chláir de chuid an Aontais in Airteagal 7 maidir le coinníollacha airgeadais arna bhforlíonadh le hAirteagail 8 agus 9 den Chomhaontú agus in Iarscríbhinn I maidir le forálacha cur chun feidhme airgeadais an Chomhaontaithe.

Maidir le EU4Health, tá dáileadh measta na ranníocaíochta tíre comhlachaithe le línte buiséid éagsúla an chláir bunaithe ar sciar coibhneasta gach líne buiséid ar bhuiséad an chláir i mbuiséad an Aontais (leithreasuithe C1, bunaithe ar chlársceidealú Airgeadais 2021-2027, lena n-áirítear breisiú measta ó fhíneálacha — Airteagal 5 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil). Úsáidfear méid táscach de ranníocaíocht na tíre comhlachaithe freisin chun na costais riaracháin dhíláraithe a chumhdach (Pearsanra seachtrach / Caiteachas bainistíochta eile).